Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2659

16.10.2024

**MOLADH (AE) 2024/2659 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11 Deireadh Fómhair 2024**

**maidir le treoirlínte i ndáil le honnmhairiú ítimí cibearfhaireachais faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] bunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú.

(2) Le Rialachán (AE) 2021/821, tugtar aghaidh ar an riosca go n-úsáidfear ítimí cibearfhaireachais i ndáil le cos ar bolg inmheánach agus/nó go ndéanfar sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

(3) De bhun Airteagail 5(2) agus 26(1) de Rialachán (AE) 2021/821, cuirfidh an Coimisiún agus an Chomhairle treoirlínte ar fáil d'onnmhaireoirí maidir le hítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe, i bhfianaise an ghá atá le héifeachtúlacht chóras rialaithe onnmhairiúcháin an Aontais a áirithiú a mhéid a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus le comhsheasmhacht chur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/821.

(4) Is é is aidhm don Mholadh seo agus do na Treoirlínte a ghabhann leis tacú le honnmhaireoirí rialuithe a chur i bhfeidhm ar ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe, lena n-áirítear, *inter alia*, bearta díchill chuí lena ndéantar measúnú ar rioscaí a bhaineann le honnmhairiú ítimí den sórt sin.

(5) Bhí na Treoirlínte a ghabhann leis an Moladh seo faoi réir comhairliúcháin fhorleathana sa Ghrúpa Saineolaithe um Theicneolaíocht Faireachais in 2022 agus 2023 agus cuireadh san áireamh iontu barúlacha a fuarthas le linn comhairliúchán poiblí [2] a reáchtáladh sa dara ráithe de 2023.

(6) Ba cheart a mheabhrú go bhfuil an Moladh seo, agus na Treoirlínte atá i gceangal leis seo, neamhcheangailteach. Dá bhrí sin, ba cheart d'onnmhaireoirí an fhreagracht a choinneáil orthu féin a n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2021/821 a chomhlíonadh, agus ba cheart don Choimisiún a áirithiú go leanfaidh an Moladh seo de bheith ábhartha le himeacht ama,

[1] Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj).

[2] https://policy.trade.ec.europa.eu/consultations/guidelines-export-cyber-surveillance-items-under-article-5-regulation-eu-no-2021821_ga.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar go gcuirfidh údaráis inniúla agus onnmhaireoirí na mBallstát san áireamh na Treoirlínte dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo chun a n-oibleagáidí faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2021/821 a chomhlíonadh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Valdis DOMBROVSKIS
*Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin*

*IARSCRÍBHINN*

**CLÁR ÁBHAIR**


*leathanach*

Réamhrá ... 4

1. Forálacha dlíthiúla, sainmhínithe agus príomhchoincheapa ábhartha ... 4

1.1. Forbhreathnú ar fhorálacha dlíthiúla ábhartha ... 4

1.2. Príomh-shainmhínithe ... 5

1.2.1. 'Deartha go speisialta' ... 5

1.2.2. 'Faireachas ceilte' ... 6

1.2.3. 'Daoine nádúrtha' ... 6

1.2.4. 'Faireachán, asbhaint, bailiú, anailísiú sonraí' ... 6

1.2.5. 'Ó chórais faisnéise agus teileachumarsáide' ... 7

1.2.6. 'Feasacht' agus 'beartaithe le haghaidh' ... 7

1.3. Cos ar bolg inmheánach, sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta ... 7

1.3.1. Cos ar bolg inmheánach ... 8

1.3.2. An Coimisiún um shárú tromchúiseach ar chearta an duine ... 8

1.3.3. An Coimisiún um shárú tromchúiseach ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta ... 9

2. Raon feidhme teicniúil ... 9

2.1. Ítimí cibearfhaireachais liostaithe ... 9

2.2. Ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe féideartha ... 9

2.2.1. Teicneolaíocht aghaidh-aitheanta agus aitheanta mothúchán ... 10

2.2.2. Gairis rianaithe suímh ... 10

2.2.3. Córais físfhaireachais ... 10

3. Bearta Díchill Chuí ... 10

Ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2021/821 ... 12

4. Foscríbhinn ... 12

Ítimí cibearfhaireachais liostaithe mar a rialaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ... 12

Córais idircheaptha teileachumarsáide (5A001.f.) ... 12

Córais faireachais idirlín (5A001.j.) ... 13

'Bogearraí ionraidh' (4A005, 4D004 agus rialuithe gaolmhara faoi 4E001.a. agus 4E001.c.) ... 13

Bogearraí faireacháin cumarsáide (5D001.e.) ... 14

Ítimí a úsáidtear chun crioptanailís a dhéanamh (5A004.a.) ... 14

Uirlisí fóiréinseacha/imscrúdaitheacha (5A004.b., 5D002.a.3.b. agus 5D002.c.3.b.) ... 14

## RÉAMHRÁ

Is é is aidhm do Chreat Rialaithe Onnmhairiúcháin an Aontais arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/821 ('an Rialachán') a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus a Bhallstát, lena n-áirítear oibleagáidí agus gealltanais maidir leis an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht réigiúnach agus maidir leis an urraim do chearta an duine agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá na cinntí a rinneadh sna córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí curtha chun feidhme ag an Aontas agus a Bhallstáit agus tá Liosta Rialaithe an Aontais in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán tugtha cothrom le dáta acu dá réir [1]. Thairis sin, sula raibh Airteagal 5 den Rialachán infheidhme, bhí rialú déanta cheana féin ag údaráis inniúla na mBallstát ar onnmhairiú ítimí liostaithe áirithe arbh fhéidir go raibh feidhmeanna faireachais acu [2], agus an baol go mbainfí mí-úsáid astu in imthosca sonracha áirithe á chur san áireamh. I gcás imthosca thar a bheith tromchúiseach, tá smachtbhannaí forchurtha ag an Aontas lena gcuirtear srian ar threalamh faireachais áirithe a onnmhairiú [3].

Léiríonn an Rialachán gealltanas an Aontais aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an riosca go n-úsáidfear ítimí cibearfhaireachais i ndáil le cos ar bolg inmheánach agus/nó go ndéanfar sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Tugtar isteach leis an Rialachán forálacha nua maidir le rialú onnmhairithe ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe, ina measc oibleagáid ar onnmhaireoirí fógra a thabhairt don údarás inniúil nuair is eol dóibh de réir na dtorthaí óna mbearta díchill chuí go bhfuil ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe a bheartaíonn na honnmhaireoirí a onnmhairiú, ceaptha, ina n-iomláine nó i bpáirt, lena n-úsáid i ndáil le cos ar bolg inmheánach agus/nó sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a dhéanamh. Ina theannta sin, iarrtar sa Rialachán ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle treoirlínte a chur ar fáil d'onnmhaireoirí chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach na rialuithe nua le haghaidh ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe.

Dá bhrí sin, is é is aidhm do na treoirlínte sin tacú le honnmhaireoirí rialuithe a chur i bhfeidhm ar ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe lena n-áirítear, i measc nithe eile, bearta díchill chuí lena ndéantar measúnú ar na rioscaí a bhaineann le honnmhairiú na n-ítimí sin chuig úsáideoirí deiridh agus úsáidí deiridh faoi fhorálacha nua an Rialacháin.

## 1. FORÁLACHA DLÍTHIÚLA, SAINMHÍNITHE AGUS PRÍOMHCHOINCHEAPA ÁBHARTHA

### 1.1. Forbhreathnú ar fhorálacha dlíthiúla ábhartha

Tugann an Rialachán isteach forálacha nua lena bhforáiltear go sonrach do rialuithe ar onnmhairiúcháin ítimí cibearfhaireachais nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, ítimí atá ceaptha, nó a bhféadfadh sé go bhfuil siad ceaptha, ina n-iomláine nó i bpáirt, lena n-úsáid i dtaca le cos ar bolg inmheánach agus/nó sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Is iad seo a leanas na haithrisí agus na hairteagail ábhartha:

(a) aithris (8): 'Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go bhféadfadh daoine atá comhpháirteach i sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a stiúradh nó a dhéanamh, nó atá freagrach as an méid sin, mí-úsáid a bhaint as ítimí áirithe cibearfhaireachais neamhliostaithe a onnmhairítear ó chríoch chustaim an Aontais, is iomchuí onnmhairiú earraí den sórt sin a rialú. Baineann rioscaí gaolmhara, go háirithe, le cásanna ina ndeartar ítimí cibearfhaireachais go speisialta chun ionradh nó domhain-iniúchadh paicéad ar fhaisnéis agus ar chórais

(1) Féach go háirithe rialuithe a bhaineann le córais idircheaptha teileachumarsáide (5A001.f), córais faireachais idirlín (5A001.j.), bogearraí ionraidh (4A005, 4D004 agus rialuithe gaolmhara faoi 4E001.a agus 4E001.c) agus bogearraí faireacháin ar fhorfheidhmiú an dlí (5D001.e). Thairis sin, féach, bunaithe ar mheasúnú cás ar chás, rialuithe a bhaineann le huirlisí fóiréinseacha/imscrúdaitheacha áirithe (5A004.b 5D002.a.3.b agus 5D002.c.3.b).

(2) Go háirithe, córais Slándála Faisnéise.

(3) Féach Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/765/oj); Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO L 100, 14.4.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/359/oj); Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 (IO L 16, 19.1.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/36/oj); Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 194/2008 (IO L 121, 3.5.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/401/oj); agus Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle an 13 Samhain 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala (IO L 295, 14.11.2017, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2063/oj).

teileachumarsáide a chumasú chun faireachas ceilte a dhéanamh ar dhaoine nádúrtha trí fhaireachán, asbhaint, bailiú nó anailísiú a dhéanamh ar shonraí, lena n-áirítear sonraí bithmhéadracha, ó na córais sin. Ítimí a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna tráchtála amháin mar shampla billeáil, margaíocht, seirbhísí cáilíochta, sástacht úsáideoirí nó slándáil líonra, meastar go ginearálta nach mbaineann rioscaí den sórt sin leo';

(b) aithris (9): 'D'fhonn rialú éifeachtach onnmhairí ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe a neartú, tá sé ríthábhachtach cur i bhfeidhm rialuithe uileghabhálacha sa réimse sin a chomhchuibhiú a thuilleadh. Chuige sin, tá na Ballstáit tiomanta do thacú leis na rialuithe sin trí fhaisnéis a roinnt eatarthu féin agus leis an gCoimisiún, go háirithe maidir le forbairtí teicneolaíocha ítimí cibearfhaireachais, agus trí fhorairdeall a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na rialuithe sin chun malartú a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais';

(c) Airteagal 2, pointe (20), lena bhforáiltear do shainmhíniú ar ítimí cibearfhaireachais mar 'ítimí dé-úsáide atá saindeartha chun faireachas ceilte ar dhaoine nádúrtha a chumasú trí fhaireachán, asbhaint, bailiú nó anailísiú a dhéanamh ar shonraí ó chórais faisnéise agus teileachumarsáide';

(d) Tugann Airteagal 5 isteach ceanglas údarúcháin maidir le honnmhairiú ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe más rud é gur chuir an t-údarás inniúil in iúl don onnmhaireoir go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfadh sé go bhfuil siad ceaptha, ina n-iomláine nó i bpáirt, lena n-úsáid i dtaca le cos ar bolg inmheánach agus/nó sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta (Airteagal 5(1)). Ina theannta sin, ceanglaítear ar onnmhaireoirí fógra a thabhairt don údarás inniúil i gcás inarb eol dóibh, de réir na dtorthaí óna mbearta díchill chuí, go bhfuil na hítimí ceaptha, ina n-iomláine nó i bpáirt, lena n-úsáid i ndáil le cos ar bolg inmheánach agus/nó sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a dhéanamh (Airteagal 5(2)). Is é an t-údarás inniúil sin a chinnfidh an gcuirfidh sé an t-onnmhairiú lena mbaineann faoi réir údarú nó nach gcuirfidh; agus

(e) Sonraítear an méid seo a leanas freisin in Airteagal 5(2): 'Cuirfidh an Coimisiún agus an Chomhairle treoirlínte ar fáil d'onnmhaireoirí, dá dtagraítear in Airteagal 26(1).'

## 1.2. **Príomh-shainmhínithe**

Tá aithrisí agus forálacha tiomnaithe sa Rialachán lena soiléirítear téarmaí sonracha atá ábhartha do rialuithe ar onnmhairiú ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe, agus atá tábhachtach d'onnmhaireoirí a thuiscint go soiléir chun dícheall cuí a dhéanamh agus chun rialuithe a chur chun feidhme go héifeachtach. Tá ábharthacht ar leith ag baint leis an sainmhíniú beacht seo a leanas ar 'ítimí cibearfhaireachais' a sholáthraítear le hAirteagal 2, pointe (20): 'ítimí dé-úsáide atá saindeartha chun faireachas ceilte ar dhaoine nádúrtha a chumasú trí fhaireachán, asbhaint, bailiú nó anailísiú a dhéanamh ar shonraí ó chórais faisnéise agus teileachumarsáide'.

Chun críocha na dtreoirlínte seo, ba cheart gnéithe sonracha den sainmhíniú sin a shoiléiriú.

### 1.2.1. *'Deartha go speisialta'*

Bíonn ítim deartha le haghaidh faireachas ceilte nuair atá a gnéithe teicniúla oiriúnach d'fhaireachas ceilte ar dhaoine nádúrtha agus nuair a chumasaíonn sí faireachas ceilte den sórt sin go hoibiachtúil. Dá bhrí sin, ciallaíonn an téarma 'saindeartha' nach mór gurbh é an faireachas ceilte ar dhaoine nádúrtha príomhchuspóir fhorbairt agus dhearadh an táirge. Mar sin féin, ní cheanglaítear le téarma den sórt sin nach féidir an ítim a úsáid chun faireachas ceilte a dhéanamh ar dhaoine nádúrtha agus chuige sin amháin.

Mar a shoiléirítear in aithris (8) den Rialachán, ítimí a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna tráchtála amháin, amhail billeáil, margaíocht, seirbhísí cáilíochta, sástacht úsáideoirí nó slándáil líonra, níl siad saindeartha le haghaidh faireachas ceilte ar dhaoine nádúrtha agus, dá bhrí sin, ní thagann siad faoin sainmhíniú ar ítimí cibearfhaireachais. Mar shampla, cé go bhféadfaí ítimí chun faireachas a dhéanamh ar chórais oibriúcháin sa tionscal nó chun faireachas a dhéanamh ar thrácht úsáideoirí a úsáid chun críoch faireachais, ní ítimí cibearfhaireachais iad na hítimí sin faoin sainmhíniú ós rud é nach bhfuil siad saindeartha chun faireachas ceilte ar dhaoine nádúrtha a chumasú.

1.2.2. *'Faireachas ceilte'*

Cumasaíonn ítimí faireachas ceilte go háirithe i gcás nach léir go bhfuil faireachas inbhraite don duine nádúrtha dá ndéantar difear. B'amhlaidh a bheadh i gcás nach mbeadh na daoine lena mbaineann ar an eolas faoi ítimí cibearfhaireachais a bheith ann agus/nó faoi ghníomhaíocht na n-ítimí sin agus, dá bhrí sin, nach mbeadh an deis acu iad féin a bhaint den fhaireachas sin nó ar a laghad a n-iompraíocht a choigeartú dá réir. Fiú má dhéantar an faireachas trí bhíthin ítimí atá suiteáilte nó ag oibriú sa spás poiblí, is féidir a mheas i gcásanna áirithe go bhfuil fáil na sonraí ábhartha d'fhaireachas ceilte, go háirithe is féidir na sonraí a bhailítear a atreorú, a mheas nó a phróiseáil chun críoch eile seachas na críocha sin a gcuirtear an duine nádúrtha lena mbaineann ar an eolas fúthu. Is é sin le rá, nuair nach féidir le duine nádúrtha coinne a bheith aige go hoibiachtúil go mbeidh sé faoi fhaireachas, is féidir an faireachas a mheas mar fhaireachas ceilte de réir Airteagal 2, pointe (20), den Rialachán.

1.2.3. *'Daoine nádúrtha'*

Tagraíonn an téarma 'duine nádúrtha' do dhuine beo i gcodarsnacht le duine dlítheanach nó eintiteas dlítheanach, nach bhfuil faoi réir na bhforálacha dá bhrí sin. Ní chumhdaítear leis an téarma faireachas ar réada, ar láithreáin nó ar mheaisíní iontu féin.

1.2.4. *'Faireachán, asbhaint, bailiú, anailísiú sonraí'*

De réir Fhoclóir Béarla Oxford, tá an bhrí theangeolaíoch seo a leanas ag na focail faireachán, asbhaint, bailiú agus anailísiú:

— 'faireachán': maoirseacht a dhéanamh; faireachas, cúléisteacht;

— 'asbhaint': tarraingt amach;

— 'bailiú': cruinniú le chéile, bailiú le chéile;

— 'anailísiú': na heilimintí de rud éigin (casta) a dhifreáil nó a dhearbhú d'fhonn a struchtúr nó a nádúr a chinneadh, agus dá bhrí sin é a mhíniú nó a thuiscint; scrúdú a dhéanamh go grinn agus go modheolaíoch chun rud éigin a léirmhíniú; a bheith faoi réir anailís chriticiúil nó ríomhaireachtúil.

Tugann na téarmaí sin le tuiscint gur cheart cumais theicniúla bheachta a bheith ag na hítimí a úsáidtear le haghaidh faireachais chun sonraí a phróiseáil chun faireachán a dhéanamh ar shonraí, chun iad a bhailiú, a asbhaint nó a anailísiú, cuir i gcás na hítimí seo a leanas mar shampla:

(a) Ítimí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar shonraí ó chórais faisnéise agus teileachumarsáide ([4]) (mar shampla, méid comhaid nó trácht pacáiste na sonraí a tharchuirtear sa chóras sin);

(b) Ítimí a bhaineann sonraí as córais faisnéise agus teileachumarsáide trí ionradh agus asbhaint a dhéanamh (mar shampla, bogearraí ionraidh);

(c) Ítimí lenar féidir anailís a dhéanamh ar shonraí a bhaintear as córais faisnéise agus teileachumarsáide, lena n-áirítear na cinn lenar féidir íomhánna ceamara atá stocáilte sna córais sin a phróiseáil (mar shampla, cineálacha áirithe teicneolaíochtaí anailíse sonraí a úsáidtear mar chuid de chórais aghaidh-aitheanta).

Ítimí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar chórais faisnéise nó chun féachaint ar an bpobal trí fhíscheamaraí agus lenar féidir comhráite, malartuithe sonraí, gluaiseachtaí agus iompraíochtaí aonair a ghabháil, ní ítimí cibearfhaireachais iad laistigh de shainmhíniú an Rialacháin toisc nach bhfuil siad saindeartha chun na críche sin agus nach mór dóibh oibriú le teicneolaíochtaí eile, amhail an Intleacht Shaorga nó mórshonraí. Mar sin féin, d'fhéadfadh an córas ina iomláine (ag obair in éineacht le teicneolaíochtaí eile amhail an Intleacht Shaorga nó teicneolaíochtaí mórshonraí) a bheith ina ítim chibearfhaireachais faoin sainmhíniú in Airteagal 2, pointe (20), den Rialachán.

Rud atá tábhachtach, cé go soláthraítear roinnt samplaí atá úsáideach chun críoch léirithe, níl sainmhíniú ná raon feidhme na n-ítimí cibearfhaireachais teoranta ag na samplaí sin, ós rud é gurb é is cuspóir d'Airteagal 5 rialú onnmhairiúcháin éifeachtach ar ítimí neamhliostaithe a chumasú.

([4]) Féach 1.2.5. thíos le haghaidh an tsainmhínithe.

Mar a léirítear le húsáid an chónaisc 'nó' sa sainmhíniú, ní mór na cumais theicniúla liostaithe a mheas mar roghanna malartacha, agus ní gá go mbeadh na cumais theicniúla sin go léir ag baint le hítim chun faireachán, asbhaint, bailiú nó anailísiú a dhéanamh ar shonraí. Is é sin le rá, is leor ceann de na cumais theicniúla sin a bheith ag baint le hítim chun teacht faoin sainmhíniú ar ítim chibearfhaireachais in Airteagal 2, pointe (20).

#### 1.2.5. *'Ó chórais faisnéise agus teileachumarsáide'*

Tagraíonn na téarmaí sin do chórais a phróiseálann faisnéis go leictreonach, mar shampla ríomhchlárú/códú, oibríochtaí córais ríomhaire (crua-earraí), agus riarachán faisnéise eile, lena n-áirítear teicneolaíocht bogearraí, teicneolaíocht gréasáin, teicneolaíocht ríomhaireachta, teicneolaíocht stórála, etc., agus do roinnt córas a chuireann faisnéis in iúl thar achar fada, mar shampla córais theicniúla a tharchuireann fuaimeanna, comharthaí, téacs, comharthaí eile, íomhánna trí chainéil sreangaithe agus gan sreang araon, trí shnáithíní optúla, raidió agus córas leictreamaighnéadach eile. I dteannta a chéile, cuimsíonn an dá choincheap sin raon leathan córas lena dtarchuirtear nó lena bpróiseáiltear faisnéis. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtagraíonn an téarma do chórais agus ní do threalamh.

#### 1.2.6. *'Feasacht' agus 'beartaithe le haghaidh'*

De bhun Airteagal 5(2) den Rialachán, ní mór d'onnmhaireoir fógra a thabhairt don údarás inniúil i gcás ina bhfuil an t-onnmhaireoir 'ar an eolas go bhfuil ítimí cibearfhaireachais (…) beartaithe (…) lena n-úsáid i dtaca le cos ar bolg inmheánach agus/nó sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta'.

Ní coincheap dlíthiúil nua é an téarma 'ar an eolas' ach úsáideadh é i ndáil le ceanglais údarúcháin a bhaineann le húsáid deiridh (rialuithe 'uileghabhálacha' mar a thugtar orthu) faoi Airteagail 4, 6, 7 agus 8 den Rialachán. Má tá an t-onnmhaireoir 'ar an eolas', tugtar le tuiscint go bhfuil eolas deimhneach aige ar an mí-úsáid atá beartaithe. Ní leor an fhéidearthacht go mbeadh riosca den sórt sin ann chun feasacht a bhunú. Ní féidir an téarma 'feasacht' a chomhshamhlú le héighníomhaíocht, áfach: ceanglaítear leis go mbeidh bearta déanta ag an onnmhaireoir chun eolas leordhóthanach a fháil chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann leis an onnmhairiú agus chun a áirithiú go gcomhlíontar an Rialachán.

Leis an tásc nach mór na hítimí a bheith 'beartaithe' le haghaidh úsáid deiridh íogair ábhartha, tugtar le tuiscint gur cheart don onnmhaireoir measúnú a dhéanamh ar an úsáid deiridh ar bhonn cás ar chás, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis sin. *A contrario*, maidir le riosca teoiriciúil, is é sin le rá, riosca nach bhfuil bunaithe ar mheasúnú fíorasach ar an gcás, go bhféadfaí na hítimí a úsáid ar bhealach a sháraíonn cearta an duine, níor leor riosca mar sin chun a thabhairt le tuiscint go bhfuil siad 'beartaithe' le haghaidh mí-úsáid shonrach faoi Airteagal 5.

### 1.3. **Cos ar bolg inmheánach, sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta**

De bhun Airteagal 15 den Rialachán, ina leagtar amach na breithnithe chun measúnú a dhéanamh ar údarú, cuirfidh na Ballstáit na breithnithe ábhartha uile san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([5]).

Le hAirteagal 5 den Rialachán, leathnaítear rialuithe chun onnmhairiú ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe a chumhdach i bhfianaise an riosca go n-úsáidfear iad i ndáil le cos ar bolg inmheánach agus/nó go ndéanfar sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Tugtar treoir úsáideach ina leith sin i gComhsheasamh 2008/944/CBES agus sa Treoir d'Úsáideoirí a ghabhann leis an gComhsheasamh seo ([6]).

([5]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2008/944/oj).

([6]) Féach an Treoir d'Úsáideoirí maidir le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata, https://www.consilium.europa.eu/media/40659/st12189-en19.pdf.

1.3.1. *Cos ar bolg inmheánach*

De bhun Airteagal 2(2) de Chomhsheasamh 2008/944/CFSP, 'áirítear ar an gcos ar bolg inmheánach, inter alia, céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, básuithe achomair nó treallacha, fuadach, coinneáil threallach agus sáruithe móra eile ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha mar a leagtar amach in ionstraimí ábhartha idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, lena n-áirítear Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla' (ICCPR). Sa Treoir d'Úsáideoirí a ghabhann le Comhsheasamh 2008/944/CBES, tugtar treoir maidir leis na gnéithe atá le cur san áireamh i measúnú an onnmhaireora, lena n-áirítear 'an teist atá ar an úsáideoir deiridh atá beartaithe agus a stair maidir le cearta an duine a urramú agus an teist atá ar an tír is faighteoir i gcoitinne agus a stair'.

1.3.2. *An Coimisiún um shárú tromchúiseach ar chearta an duine*

D'fhéadfadh mí-úsáid ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe tionchar diúltach a imirt ar raon leathan de chearta an duine, agus cuireann sé isteach go díreach ar an gceart chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí. D'fhéadfadh faireachas treallach nó neamhdhleathach cearta eile an duine a shárú freisin, amhail an ceart chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhlachais agus comhthionóil, saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiúin, chomh maith leis an gceart chun cóir chomhionann nó chun toirmeasc ar idirdhealú, agus an ceart chun toghcháin shaora, chomhionanna agus rúnda. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh imeaglú, cur faoi chois, coinneáil threallach, céastóireacht nó fiú maruithe seachbhreithiúnacha a bheith mar thoradh ar fhaireachas, lena n-áirítear faireachán ar na daoine nádúrtha nó bailiú faisnéise na ndaoine nádúrtha, amhail cosantóirí chearta an duine, gníomhaithe, daoine polaitiúla, pobail leochaileacha agus iriseoirí. Dá bhrí sin, ba cheart d'onnmhaireoirí na gnéithe sin a bhaineann le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a áireamh ina measúnuithe.

Léiríonn cleachtas idirnáisiúnta nach mór aon srian ar chearta an duine a bheith 'iomchuí' agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin go bhfuil coimircí leordhóthanacha i bhfeidhm chun a áirithiú go bhforáiltear do shrianta leis an dlí agus chun bunbhrí na gceart a chaomhnú. Faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar srianta a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má fhónann siad i ndáiríre do chuspóir dlisteanach – mar shampla, an tslándáil náisiúnta nó phoiblí, an t-ord poiblí, cosaint na sláinte poiblí, nó cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

Féadfar a áireamh ar ítimí cibearfhaireachais uirlisí dlisteanacha agus rialáilte le haghaidh feidhmeanna forfheidhmithe dlí, mar shampla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh, lena n-áirítear i réimse na frithsceimhlitheoireachta, nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú. Ag an am céanna, is féidir mí-úsáid a bhaint as ítimí cibearfhaireachais freisin chun sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta nuair a onnmhairítear iad chuig réimis dhiansmachtúla nó chuig úsáideoirí deiridh príobháideacha agus/nó chuig limistéir choinbhleachta.

Chuige sin, ní mór measúnú cás ar chás a dhéanamh ar imthosca cáis, lena n-áirítear rialacháin ábhartha a chur i bhfeidhm i bhfianaise aon tuairiscí ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag na comhlachtaí inniúla, mar shampla, na Náisiúin Aontaithe, an tAontas nó An Chomhairle Eorpach. D'fhéadfaí a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le 'tromchúis' sáruithe ar chearta an duine ach na sáruithe sin a aithint i bhfaisnéis arna foilsiú ag comhlachtaí inniúla na Náisiún Aontaithe, ag an Aontas nó ag An Chomhairle Eorpach. Ní gá do na comhlachtaí sin aitheantas sainráite den sórt sin a thabhairt, ach is toisc shuntasach é chun na critéir a chomhlíonadh.

De réir na dtéarmaí in Airteagal 5, ní mór sárú ar chearta an duine a bheith 'tromchúiseach'. Tá treoir úsáideach chun sáruithe féideartha ar chearta an duine a aicmiú mar sháruithe 'tromchúiseacha' le fáil sa Treoir d'Úsáideoirí a ghabhann le Comhsheasamh 2008/944/CBES. De réir na Treorach sin, is cinntitheach iad nádúr agus iarmhairtí an tsáraithe. Breathnaítear go rialta ar sháruithe córasacha agus/nó forleathana ar chearta an duine mar sháruithe tromchúiseacha; ach freisin, féadfar sáruithe nach bhfuil córasach ná forleathan a mheas mar sháruithe 'tromchúiseacha' – mar shampla, mar gheall ar dhéine na hidirghabhála do na daoine dá ndéantar difear.

In Iarscríbhinn II den Treoir d'Úsáideoirí a ghabhann le Comhsheasamh 2008/944/CBES, déantar foráil maidir le liosta neamh-uileghabhálach de na príomhionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha um chearta an duine, lena n-áirítear an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR), an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionós eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (an Coinbhinsiún) agus an Chairt um Chearta Bunúsacha (an Chairt), ar féidir treoir thábhachtach a chur ar fáil leo maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na gcritéar chun tacú le measúnuithe láidre ar chearta an duine. Is iad na hionstraimí sin agus na prótacail bhreise a ghabhann leo faoi seach na noirm agus na caighdeáin idirnáisiúnta is mó i réimsí chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha.

1.3.3. *An Coimisiún um shárú tromchúiseach ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta*

Forbraíodh an dlí daonnúil idirnáisiúnta (ar a dtugtar 'Dlí na Ginéive' nó 'Dlí na coinbhleachta armtha' freisin) trí raon conarthaí idirnáisiúnta, go háirithe Rialacháin na Háige, Coinbhinsiúin na Ginéive agus an dá Phrótacal Bhreise a ghabhann leo ó 1977, agus sainaithnítear ann rialacha a fhónann, in aimsir coinbhleachta armtha, chun daoine a chosaint nach nglacann páirt i gcogaíocht nó nach nglacann páirt a thuilleadh i gcogaíocht (mar shampla sibhialtaigh agus comhraiceoirí créachtaithe, breoite nó gafa) agus a fhorchuireann teorainneacha ar pháirtithe cogaíochta maidir le meáin agus modhanna cogaíochta (Dlí na Háige).

Ba cheart úsáid ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chomhlíonadh nuair a úsáidtear iad mar mheáin agus mar mhodhanna cogaíochta i gcomhthéacs coinbhleachta armtha. In imthosca den sórt sin, is breithniú faoin Rialachán é an baol go ndéanfar sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus, maidir le sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine, ba cheart measúnú a dhéanamh air i bhfianaise na húsáide deiridh atá beartaithe do na hítimí sa chás sonrach. Sa Treoir d'Úsáideoirí a ghabhann le Comhsheasamh 2008/944/CBES, tugtar treoir maidir leis na gnéithe atá le cur san áireamh, lena n-áirítear an teist atá ar an bhfaighteoir agus stair an fhaighteora maidir le hurraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta, rúin an fhaighteora mar a chuirtear in iúl iad trí ghealltanais fhoirmiúla agus cumas an fhaighteora a áirithiú go n-úsáidfear an trealamh nó an teicneolaíocht a aistrítear ar bhealach atá comhsheasmhach leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus nach ndéanfar é a atreorú ná a aistriú chuig cinn scríbe eile ina bhféadfaí é a úsáid le haghaidh sáruithe tromchúiseacha ar an dlí sin.

De bhun Airteagal 5, ní mór sárú ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a bheith 'tromchúiseach'. Is féidir treoir a fháil sa Treoir d'Úsáideoirí a ghabhann le Comhsheasamh 2008/944/CBES, ina n-aithnítear 'nach gá go léiríonn teagmhais leithlisithe de sháruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta dearcadh na tíre is faighteoir i leith an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta', agus 'i gcás inar féidir patrún áirithe sáruithe a aithint nó nach bhfuil bearta iomchuí déanta ag an tír is faighteoir chun sáruithe a phionósú, ba cheart go mbeadh sé sin ina chúis mhór imní'. Chuir Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) treoirlínte ar fáil maidir leis an measúnú ar sháruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta chun críoch rialaithe onnmhairí. De réir CICD, 'tá sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta ann má chuireann siad daoine atá faoi chosaint (mar shampla, sibhialtaigh, príosúnaigh chogaidh, an lucht créachtaithe agus breoite) nó réada (mar shampla, réada nó bonneagar sibhialtach) i mbaol nó má sháraíonn siad luachanna uilíocha tábhachtacha'. Is sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta iad coireanna cogaidh, mar shampla. Ina theannta sin, luann CICD tosca comhchosúla atá le meas mar chuid den Treoir d'Úsáideoirí a ghabhann le Comhsheasamh 2008/944/CBES, lena n-áirítear gealltanais fhoirmiúla chun rialacha an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm, bearta iomchuí lena n-áirithítear cuntasacht as sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, oiliúint sa dlí daonnúil idirnáisiúnta don arm, agus toirmeasc ar leanaí a earcú d'fhórsaí armtha.

## 2. RAON FEIDHME TEICNIÚIL

### 2.1. Ítimí cibearfhaireachais liostaithe

San Fhoscríbhinn a ghabhann leis na treoirlínte seo, soláthraítear faisnéis maidir le hítimí cibearfhaireachais a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, chun cuidiú le honnmhaireoirí ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe féideartha a shainaithint.

### 2.2. Ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe féideartha

Cé nach féidir, de réir sainmhínithe, liosta uileghabhálach a sholáthar de na táirgí sin a d'fhéadfaí a rialú mar 'ítimí neamhliostaithe' faoi Airteagal 5, d'fhéadfadh sé go bhféadfaí faireachas a dhéanamh ar na hítimí seo a leanas agus d'fhéadfadh sé gur ghá faireachas ar leith a dhéanamh ina leith faoin Rialachán.

Mar a shoiléirítear in aithris (8) den Rialachán, maidir le hítimí a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna tráchtála amháin, amhail billeáil, margaíocht, seirbhísí cáilíochta, sástacht úsáideoirí nó slándáil líonra, meastar go ginearálta nach mbaineann rioscaí leo maidir le mí-úsáid mar ítimí atá ábhartha faoi sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus, dá bhrí sin, nach bhfuil siad faoi réir rialú faoi Airteagal 5 go ginearálta. Tá feidhmiúlachtaí slándála faisnéise (cripteagrafacha nó fiú crioptanailíseacha) ag go leor de na hítimí sin a chomhlíonann na paraiméadair rialaithe faoi chuid 2 de Chatagóir 5 den téacs rialaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. Maidir le trealamh líonra slándála – lena n-áirítear ródairí, lasca nó athsheachadáin, i gcás ina bhfuil an fheidhmiúlacht slándála faisnéise teoranta do na cúraimí 'Oibríochtaí, Riarachán nó Cothabháil' nach gcuireann chun feidhme ach caighdeáin chripteagrafacha fhoilsithe nó tráchtála – ní chuimsítear é ach oiread leis an sainmhíniú ar 'ítimí cibearfhaireachais', cé gur cheart d'onnmhaireoirí a bheith ar an airdeall i gcónaí agus tuairiscí éagsúla á gcur san áireamh maidir le mí-úsáid na n-ítimí sin mar gheall ar sháruithe ar chearta an duine.

2.2.1. *Teicneolaíocht aghaidh-aitheanta agus aitheanta mothúchán*

Tá úsáidí iomadúla seachas cibearfhaireachas ag teicneolaíochtaí aghaidh-aitheanta agus aitheanta mothúcháin – mar shampla, le haghaidh aitheantais nó fíordheimhnithe – agus ní thiocfadh siad faoin sainmhíniú go huathoibríoch. In imthosca áirithe, áfach, d'fhéadfadh teicneolaíochtaí aghaidh-aitheanta agus aitheanta mothúcháin teacht faoi raon feidhme Airteagal 2, pointe (20), den Rialachán.

D'fhéadfadh teicneolaíochtaí aghaidh-aitheanta agus aitheanta mothúcháin ar féidir iad a úsáid chun faireachán nó anailís a dhéanamh ar fhís-íomhánna stóráilte, teacht faoi raon feidhme an tsainmhínithe ar mhír chibearfhaireachais. Mar sin féin, fiú má chomhlíontar na critéir thuasluaite, ní mór a scrúdú go cúramach an bhfuil na bogearraí deartha go speisialta le haghaidh faireachas ceilte.

2.2.2. *Gairis rianaithe suímh*

Le gairis rianaithe suímh is féidir suíomh fisiceach gairis a rianú le himeacht ama, agus tá roinnt teicneolaíochtaí rianaithe suímh in úsáid le tamall anuas ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus faisnéise. Tá forbairt mhór tagtha ar a n-acmhainneacht maidir le faireachas spriocdhírithe agus ollfhaireachas, de réir mar a d'éirigh teicneolaíochtaí rianaithe níos forbartha – lena n-áirítear rianú suímh bunaithe ar shatailítí, rianú suímh bunaithe ar chrann cumarsáide, trasghlacadóirí Wi-Fi agus Bluetooth – agus de réir mar d'éirigh 'gairis rianaithe' amhail fóin chliste agus gairis leictreonacha eile (mar shampla córais infheithicle i ngluaisteáin) forleathan.

Úsáideann gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus faisnéise gairis rianaithe suímh chun fianaise a bhailiú le linn imscrúdaithe mar shampla nó chun amhrastaigh a rianú, ach úsáideann cuideachtaí iad freisin chun críoch tráchtála, mar shampla tuairisciú ar phatrúin ghluaiseachta chomhiomlánaithe ar shráideanna siopadóireachta, fostaithe atá ag obair lasmuigh den láthair a rianú, nó le haghaidh fógraíocht shuíomhbhunaithe.

2.2.3. *Córais físfhaireachais*

Chun cuidiú le honnmhaireoirí cibearfhaireachas féideartha a shainaithint, is cuidiú é freisin soiléiriú a thabhairt ar na míreanna nach gcumhdófaí leis an sainmhíniú. Sa chiall sin, mar shampla, ní chumhdaítear córais físfhaireachais agus ceamaraí – ceamaraí ardtaifigh san áireamh – a úsáidtear chun daoine a scannánú i spásanna poiblí faoin sainmhíniú ar ítimí cibearfhaireachais, toisc nach ndéanann siad faireachán ná bailiú ar shonraí ó chórais faisnéise agus teileachumarsáide.

## 3. **BEARTA DÍCHILL CHUÍ**

De réir Aithris 7 den Rialachán, 'tá rannchuidiú na n-onnmhaireoirí […] le haidhm fhoriomlán na rialuithe trádála ríthábhachtach. Ionas go mbeidh siad in ann gníomhú i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfar an measúnú ar na rioscaí a bhaineann le hidirbhearta lena mbaineann an Rialachán seo trí bhearta um scagadh idirbheart, ar a dtugtar prionsabal an díchill chuí freisin, mar chuid de Chlár Inmheánach um Chomhlíonadh (ICP)'.

Is é seo a leanas an sainmhíniú a thugtar ar 'Chlár Inmheánach um Chomhlíonadh' (CIC) in Airteagal 2, pointe (21): 'beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha, iomchuí agus comhréireacha atá leanúnach arna nglacadh ag onnmhaireoirí chun comhlíonadh fhorálacha agus chuspóirí an Rialacháin seo agus théarmaí agus choinníollacha na n-údaruithe a chuirtear chun feidhme faoin Rialachán seo a éascú, lena n-áirítear, *inter alia*, bearta díchill chuí lena ndéantar measúnú ar na rioscaí a bhaineann le honnmhairiú na n-ítimí chuig úsáideoirí deiridh agus le húsáidí deiridh'.

Le Moladh (AE) 2019/1318 ón gCoimisiún ([7]), cuirtear creat ar fáil chun cabhrú le honnmhaireoirí rioscaí a bhaineann le rialuithe trádála dé-úsáide a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe agus rialacháin ábhartha an Aontais agus dlíthe agus rialacháin ábhartha náisiúnta.

Féadfaidh na treoirlínte seo tacú le honnmhaireoirí agus bearta um scagadh idirbheart á ndéanamh acu, ar a dtugtar prionsabal an díchill chuí freisin, mar chuid de ICP.

De bhun Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2021/821, ceanglaítear ar onnmhaireoirí ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe dícheall cuí a dhéanamh trí bhearta um scagadh idirbheart, is é sin bearta a dhéanamh maidir le haicmiú ítimí agus measúnú riosca ar idirbhearta. Go praiticiúil, moltar d'onnmhaireoirí athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

([7]) Moladh (AE) 2019/1318 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2019 maidir le cláir chomhlíontachta inmheánacha le haghaidh rialuithe trádála dé-úsáide faoi Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle (IO L 205, 5.8.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2019/1318/oj).

**3.1. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféadfadh sé gur 'ítim cibearfhaireachais' é an ítim neamhliostaithe atá le honnmhairiú, is é sin ítim atá saindeartha chun faireachas ceilte ar dhaoine nádúrtha a chumasú trí fhaireachán, asbhaint, bailiú nó anailísiú a dhéanamh ar shonraí ó chórais faisnéise agus teileachumarsáide.**

Baineann an chéim sin le cinneadh na míre faoi na forálacha is infheidhme maidir le hítimí cibearfhaireachais. Áirítear leis sin scrúdú ar shaintréithe teicniúla na n-ítimí, ar bhonn na bparaiméadar teicniúil a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán le haghaidh na n-ítimí a liostaítear, agus i bhfianaise na dtéarmaí agus na gcoincheap sonrach sa sainmhíniú ar ítimí cibearfhaireachais le haghaidh ítimí neamhliostaithe, agus i bhfianaise aicmiú na hítime ina dhiaidh sin (earraí, teicneolaíocht nó bogearraí).

**3.2. Athbhreithniú a dhéanamh ar chumais na míre atá i gceist chun a chinneadh an bhféadfaí mí-úsáid a bhaint aisti i ndáil le cos ar bolg inmheánach agus/nó sáruithe tromchúiseacha arna ndéanamh ag úsáideoirí deiridh eachtracha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.**

Ba cheart d'onnmhaireoirí measúnú a dhéanamh chun a chinneadh an bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as an táirge chun cos ar bolg inmheánach a dhéanamh, cearta an duine a shárú nó a mhí-úsáid, lena n-áirítear an ceart chun na beatha, saoirse ó chéasadh, íde mhídhaonna tháireach, an ceart chun príobháideachais, an ceart chun saoirse cainte, an ceart chun comhlachais agus comhthionóil, an ceart chun saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiúin, an ceart chun córa comhionainne nó chun toirmisc ar idirdhealú nó an ceart chun toghchán saor, comhionann agus rúnda.

Áirítear leis freisin measúnú chun a chinneadh an bhféadfaí an táirge a úsáid mar chuid nó mar chomhpháirt de chóras a bhféadfadh na sáruithe agus/nó an mhí-úsáid chéanna a bheith mar thoradh air.

Agus measúnú á dhéanamh acu, ba cheart d'onnmhaireoirí úsáid a bhaint as bratacha dearga, mar a thugtar orthu, a thagraíonn d'aon imthosca neamhghnácha in idirbheart a léiríonn go bhféadfadh an t-onnmhairiú a bheith ceaptha d'úsáid deiridh mhíchuí, úsáideoir deiridh míchuí nó ceann scríbe míchuí.

Bratacha dearga:

(a) déantar an ítim a mhargú le faisnéis maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint aisti chun faireachas ceilte a dhéanamh;

(b) faisnéis lena gcuirtear in iúl gur baineadh mí-úsáid as ítim chomhchosúil i ndáil le cos ar bolg inmheánach agus/nó sáruithe tromchúiseacha arna ndéanamh ag úsáideoirí deiridh eachtracha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta (féach roinn 1.3);

(c) faisnéis lena gcuirtear in iúl gur úsáideadh an ítim go neamhdhleathach i ngníomhaíochtaí faireachais atá dírithe ar Bhallstát nó i ndáil le faireachas neamhdhleathach ar shaoránach den Aontas;

(d) faisnéis lena gcuirtear in iúl go n-áirítear san idirbheart ítimí a d'fhéadfaí a úsáid chun córas a chur ar bun, a shaincheapadh nó a chumrú arb eol go mbaintear mí-úsáid astu i ndáil le cos ar bolg inmheánach agus/nó sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a dhéanamh (féach roinn 1.3);

(e) tá an ítim nó ítim chomhchosúil le fáil ar an liosta a foilsíodh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le hAirteagal 5(6) den Rialachán.

**3.3. Chun tacú leis na húdaráis inniúla, athbhreithniú a dhéanamh ar pháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an idirbheart (lena n-áirítear úsáideoirí deiridh agus coinsínithe amhail dáileoirí agus athdhíoltóirí).**

Ba cheart d'onnmhaireoirí an méid seo a leanas a dhéanamh, chun tacú leis na húdaráis inniúla, agus a mhéid is féidir:

(a) roimh aon idirbheart agus lena linn, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a mbeartaíonn na coinsínithe agus/nó na húsáideoirí deiridh an táirge nó an tseirbhís a úsáid, bunaithe ar ráitis úsáide deiridh;

(b) eolas a chur ar an staid i gceann scríbe ábhartha na n-ítimí, go háirithe maidir le staid ghinearálta chearta an duine, ós rud é gur táscaire tábhachtach é sin ar an mbaol go ndéanfar sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a bhaineann le honnmhairiú;

(c) athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí go ndéanfar an táirge nó an tseirbhís a atreorú chuig úsáideoir deiridh neamhúdaraithe eile, bunaithe ar bhratacha dearga mar a liostaítear thíos.

Bratacha dearga:

(a) tá caidreamh follasach ag an úsáideoir deiridh le rialtas eachtrach a bhfuil stair aige i dtaca le cos ar bolg inmheánach agus/nó sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a dhéanamh;

(b) tá an t-úsáideoir deiridh ina chuid struchtúrach de na fórsaí armtha nó de ghrúpa eile a bhfuil baint aige le coinbhleacht armtha lena mbaineann bearta cos ar bolg inmheánaigh agus/nó sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta san am a chuaigh thart;

(c) d'onnmhairigh an t-úsáideoir deiridh ítimí cibearfhaireachais roimhe seo chuig tíortha inar eascair bearta cos ar bolg inmheánaigh agus/nó sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta as úsáid na n-ítimí sin.

3.4. **Úsáid a bhaint as torthaí ó na bearta díchill chuí chun pleananna a tharraingt suas chun drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a chosc agus a mhaolú.**

Ba cheart d'onnmhaireoirí, bunaithe ar na torthaí óna mbearta díchill chuí, scor de ghníomhaíochtaí is cúis le drochthionchair a bhaineann le cearta an duine nó a rannchuidíonn leis na drochthionchair sin, agus ba cheart dóibh plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis na gníomhaíochtaí sin:

(a) beartais an fhiontair a thabhairt cothrom le dáta chun treoir a thabhairt maidir le conas na drochthionchair a sheachaint agus aghaidh a thabhairt orthu amach anseo agus a gcur chun feidhme a áirithiú;

(b) leas a bhaint as torthaí an mheasúnaithe riosca chun córais bhainistíochta a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú chun faisnéis a rianú ar bhealach níos fearr agus chun aird a tharraingt ar rioscaí sula dtarlaíonn drochthionchair;

(c) faisnéis a bhailiú chun tuiscint a fháil ar na rioscaí ardleibhéil atá ag gabháil le drochthionchair a bhaineann leis an earnáil;

(d) fógra a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát faoi thorthaí na mbeart díchill chuí chun sreabhadh faisnéise a éascú maidir le hítimí, úsáideoirí deiridh agus cinn scríbe áirithe.

**Ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2021/821**




4. **FOSCRÍBHINN**

**Ítimí cibearfhaireachais liostaithe mar a rialaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821**

— **Córais idircheaptha teileachumarsáide (5A001.f.)**

I bhformhór na dtíortha, lena n-áirítear na Ballstáit, tá rúndacht na cumarsáide faoi chosaint an dlí, ach féadfar údarú a thabhairt d'údaráis rialtais faireachas leictreonach ceilte a dhéanamh ar chumarsáid laistigh de chreat dlíthiúil (Idircheapadh Dleathach (LI) mar a thugtar air). Mar gheall ar an ré dhigiteach, áfach, bhíothas in ann teicneolaíochtaí idircheaptha a úsáid ar mhórscála. Leis an úsáid a bhain réimeas na Libia as uirlisí idircheaptha, léiríodh go bhféadfaí na teicneolaíochtaí sin a úsáid ar mhórscála agus spreagadh rialuithe onnmhairiúcháin ar chórais idircheaptha teileachumarsáide a thabhairt isteach in 2012.

Tá feidhm ag an rialú seo maidir le trealamh atá deartha chun ábhar teachtaireacht (guth nó sonraí) a asbhaint, chomh maith le haitheantóirí rannpháirtí nó meiteashonraí eile a tharchuirtear thar an aer trí chumarsáid gan sreang, agus trealamh faireacháin radaimhinicíochta. Tá feidhm ag an rialú sin, mar shampla, maidir le gabhálaithe IMSI (Aitheantas Suibscríobhaí Soghluaiste Idirnáisiúnta) a dhéanann idircheapadh ar thrácht fón póca agus a rianaíonn gluaiseacht úsáideoirí fón póca nó maidir le trealamh lena gcruthaítear baill teo Wi-Fi bhréige ar féidir leo uimhreacha IMSI a bhaint as teileafón, chomh maith le cineálacha áirithe earraí atá saindeartha chun 'domhain-iniúchadh paicéad' a chumasú isteach i gcórais teileachumarsáide. Ní thagann trealamh trasnaíochta teileachumarsáide móibílí faoi raon feidhme ítimí cibearfhaireachais, toisc nach mbailíonn sé sonraí.

Cé gur féidir teicneolaíocht ilchuspóireach a úsáid chun córais den sórt sin a thógáil, beidh a gcumas idircheaptha ar mhórscála ag brath ar chodanna agus ar chomhpháirteanna sonracha, lena n-áirítear mar shampla ciorcaid iomlánaithe (mar shampla FPGAnna, ASICanna, etc.) a bhaineann go sonrach le bogearraí agus feidhmchlár ar leith chun an líon paicéad nó seisiún cumarsáide is féidir a phróiseáil in aghaidh an tsoicind a mhéadú.

— **Córais faireachais idirlín (5A001.j.)**

Cé go bhfuil go leor cumarsáide bunaithe ar an idirlíon criptithe de ghnáth de réir réamhshocraithe, is féidir idircheapadh sonraí tráchta (meiteashonraí) faoi chumarsáid – mar sheoltaí IP agus minicíocht agus méideanna malartaithe sonraí – a úsáid fós chun naisc idir daoine agus ainmneacha fearainn a aithint. Féadfaidh rialtais na córais sin a úsáid go dleathach, agus le maoirseacht bhreithiúnach, chun críoch dlisteanach, amhail daoine a thugann cuairt ar fhearainn a bhfuil baint acu le hábhar coiriúil nó sceimhlitheoireachta a shainaithint. Mar sin féin, mar thoradh ar fhaireachán agus anailís a dhéanamh ar thrácht idirlín ar bhonn saintréithriú eitneach, reiligiúnach, polaitiúil nó sóisialta, is féidir mapáil chuimsitheach dhaonna agus shóisialta a dhéanamh ar thír chun an daonra a rialú agus a chur faoi chois, agus chun rudaí eile a dhéanamh, mar shampla chun easaontaigh pholaitiúla a shainaithint. Chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus leis an gcos ar bolg inmheánach, is féidir leis na nithe sin rannchuidiú freisin le feabhas a chur ar na cumais slándála agus mhíleata.

Tá feidhm ag an rialú faoi 5A001.j maidir le córais rialaithe idirlín a oibríonn ar 'líonra IP de chineál iompróra (mar shampla cnámh droma IP ar ghrád náisiúnta)' chun anailís, asbhaint agus innéacsú a dhéanamh ar ábhar meiteashonraí tarchurtha (guth, físeán, teachtaireachtaí, ceangaltáin) ar bhonn 'roghnóirí dochta', agus chun líonra coibhneasta daoine a mhapáil. Is ítimí iad sin a dhéanann 'faireachas ceilte' toisc nach bhfuil na daoine a bhfuiltear ag díriú orthu ar an eolas faoin idircheapadh cumarsáide. Os a choinne sin, níl rialuithe dírithe ar chórais inarb ann do ghníomh de chuid úsáideora nó idirghníomhaíocht le húsáideoir nó le síntiúsóir agus, mar shampla, nach bhfuil feidhm acu maidir le líonraí sóisialta nó innill chuardaigh tráchtála. Thairis sin, tá feidhm ag rialuithe maidir le córais a phróiseálann sonraí a thagann ó chroíghréasán soláthraí Idirlín, agus níl feidhm acu maidir le líonraí sóisialta nó innill chuardaigh tráchtála a phróiseálann sonraí a thugann úsáideoirí.

— **'Bogearraí ionraidh' (4A005, 4D004 agus rialuithe gaolmhara faoi 4E001.a. agus 4E001.c.)**

Le bogearraí ionraidh is féidir lena oibreoir cianrochtain a fháil faoi cheilt ar ghaireas leictreonach, amhail fón cliste, ríomhaire glúine, freastalaí nó gaireas de chuid Idirlíon na Rudaí Nithiúla, chun sonraí atá stóráilte ar an ngaireas a fháil, chun cúléisteacht a dhéanamh trí cheamara nó trí mhicreafón atá ionsuite nó nasctha leis an ngaireas, agus chun an gaireas a úsáid mar chéim chun ionsaithe a dhéanamh ar threalamh lena nascann an gaireas, nó i gcoinne theagmhálacha an úsáideora ('haiceáil trí ghléasanna tríú páirtí'). Cé gur féidir úsáid dhlisteanach ([8]) a bhaint as bogearraí ionraidh, mar shampla 'bogearraí cianrochtana' a úsáidtear le haghaidh ciantacaíochta ó ranna TF, tá ardriosca ag baint le cineál ceilte an fhaireachais agus méid na faisnéise a d'fhéadfaí a bhailiú go sárófar an ceart chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí pearsanta, agus d'fhéadfadh sé an bonn a bhaint go mór den cheart chun tuairimí a nochtadh.

([8]) Ar mhaithe le soiléireacht, bheadh údarú ag teastáil ó ítimí cibearfhaireachais liostaithe mar a rialaítear iad le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le Dé-Úsáid lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil úsáid na hítime dlisteanach.

Áirítear leis an rialú faoi 4A005 *et al* bogearraí chomh maith le córais, trealamh, comhpháirteanna agus teicneolaíocht ghaolmhar atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun 'bogearraí ionraidh' a ghiniúint, a ordú agus a rialú nó a sheachadadh, ach níl feidhm aige maidir le 'bogearraí ionraidh' féin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. Rialaítear na cibear-uirlisí sin agus aird á tabhairt ar an gcur isteach agus ar an damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh dá n-úsáidfí iad go rathúil ach níl rialuithe in ainm difear a dhéanamh do ghníomhaíocht na dtaighdeoirí cibearshlándála agus an tionscail, mar shampla, toisc gur gá dóibh faisnéis a bhaineann le bogearraí ionraidh a chomhroinnt chun go mbeidh siad in ann réitigh a fhorbairt dá dtáirgí agus iad a chur i bhfeidhm sula scaoiltear leochaileacht go poiblí.

— **Bogearraí faireacháin cumarsáide (5D001.e.)**

Tá an bogearra seo deartha chun go ndéanfaidh údaráis údaraithe um fhorfheidhmiú an dlí faireachán agus anailís ar shonraí a bhailítear trí bhearta spriocdhírithe idircheaptha a iarrtar ar sholáthraí seirbhíse cumarsáide. Leis an mbogearra seo is féidir cuardaigh a dhéanamh bunaithe ar 'roghnóirí dochta' ar ábhar cumarsáide nó ar mheiteashonraí, trí chomhéadan a úsáid le haghaidh idircheapadh dleathach, agus tríd an líonra coibhneasta a mhapáil nó gluaiseacht daoine spriocdhírithe a rianú bunaithe ar thorthaí na gcuardach. Tá an bogearra seo beartaithe le haghaidh 'faireachas ceilte' toisc go n-úsáideann sé sonraí a bhailítear ó idircheapadh cumarsáide gan daoine a bheith ar an eolas faoi. Ina theannta sin, déanann sé 'anailís' ar shonraí a bhailítear trí 'chórais teileachumarsáide'. Tá na bogearraí suiteáilte san údarás rialtais (mar shampla, saoráid faireacháin um fhorfheidhmiú an dlí (LEMF)), agus níl feidhm ag an rialú maidir leis na córais chomhlíontachta idircheaptha dhleathaigh (LI) (mar shampla, córais bhainistíochta LI agus gairis idirghabhála) a fhorbraítear agus a shuiteáiltear ar bhonn tráchtála i spás an tsoláthraí seirbhíse cumarsáide (mar shampla, a chomhtháthaítear sa líonra cumarsáide), agus a oibríonn agus a choinníonn an soláthraí seirbhíse ar bun. Mar a shoiléirítear sa téacs rialaithe, níl feidhm ag rialuithe maidir le 'bogearraí' atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun críoch tráchtála amháin amhail billeáil, Cáilíocht Seirbhíse an Líonra (QoS), Cáilíocht an Eispéiris (QoE), gairis idirghabhála nó íocaíocht mhóibíleach nó úsáid baincéireachta.

— **Ítimí a úsáidtear chun crioptanailís a dhéanamh (5A004.a.)**

Tá feidhm ag an rialú seo maidir le hítimí atá deartha chun sásraí crioptanailíseacha a shárú chun athróga rúnda nó sonraí íogaire, lena n-áirítear glantéacs, pasfhocail nó eochracha crioptanailíseacha, a bhaint as. Úsáidtear cripteagrafaíocht chun rúndacht na faisnéise faoi bhealach agus ina stad a chosaint. Baintear úsáid as crioptanailís chun an rúndacht sin a shárú, agus dá bhrí sin 'cumasaíonn' an teicneolaíocht sin faireachas ceilte trí fhaireachán, asbhaint, bailiú, nó anailísiú a dhéanamh ar shonraí ó fhaisnéis agus ó chórais teileachumarsáide.

— **Uirlisí fóiréinseacha/imscrúdaitheacha (5A004.b., 5D002.a.3.b. agus 5D002.c.3.b.)**

Deartar uirlisí fóiréinseacha/imscrúdaitheacha chun sonraí loma a bhaint as gaireas (mar shampla, ríomhaireacht nó cumarsáid) ionas nach gcuirfear isteach ar na sonraí ná nach ndéanfar iad a thruailliú agus ionas gur féidir iad a úsáid chun críoch breithiúnach, i.e., in imscrúdú coiriúil nó i gcúirt dlí. Sáraíonn na táirgí sin rialuithe 'fíordheimhnithe' nó údaraithe gairis ionas gur féidir na sonraí amha a bhaint as an ngaireas. Úsáideann gníomhaireachtaí rialtais agus forfheidhmithe dlí na táirgí seo, ach úsáideann fórsaí míleata iad freisin chun sonraí a bhaint agus a anailísiú ó ghairis urghafa. Cé go bhfuil úsáidí dlisteanacha acu, is féidir mí-úsáid a bhaint astu, áfach, agus dá bhrí sin tá riosca ag baint leo do shonraí íogaire nó tráchtála.

Mar sin féin, ní thagann uirlisí fóiréinseacha/imscrúdaithe nach bhfuil 'saindeartha' le haghaidh faireachas ceilte faoin sainmhíniú ar ítimí cibearfhaireachais in Airteagal 2, pointe (20). Ina theannta sin, uirlisí fóiréinseacha/imscrúdaithe nach n-asbhaineann ach sonraí úsáideora nó i gcás nach bhfuil na sonraí cosanta ar an ngaireas, ní ghabhtar iad sa téacs rialaithe in 5A004.b. et al. Ag an am céanna, níl feidhm ag rialuithe maidir le trealamh táirgthe ná tástála an mhonaróra, uirlisí riarthóra córais ná táirgí le haghaidh na hearnála miondíola tráchtála amháin, mar shampla táirgí díghlasála fón póca. Dá bhrí sin, i bhfianaise éagsúlacht na gcineálacha teicneolaíochta sin, braitheann cur i bhfeidhm na rialuithe ar mheasúnú cás ar chás ar gach táirge.

Ar deireadh, tabhair faoi deara go liostaítear ítimí eile a bhaineann le faireachas in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán nár cheart a mheas go dtagann siad faoin sainmhíniú ar ítimí cibearfhaireachais, amhail trealamh trasnaíochta teileachumarsáide móibílí (5A001.f.) atá ceaptha chun dochar a dhéanamh do chumarsáid nó do chórais nó chun cur isteach orthu, bogearraí ionraidh lena modhnaítear córas (4D004), agus trealamh braite fuaime léasair (6A005.g.) lena mbailítear sonraí fuaime le léasar, nó lenar féidir éisteacht le comhráite i gcéin (ar a dtugtar 'micreafón léasair' uaireanta). Ar an gcaoi chéanna, dá n-úsáidfí UAVanna liostaithe chun críoch faireachais, ní thabharfaí na hítimí sin faoin sainmhíniú ar ítimí cibearfhaireachais.